II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2023/1796 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Meán Fómhair 2023

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018 thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 maidir le coinroinnt na gcuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais, mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(2) Tugadh an chaibidlíocht le Poblacht na Sile i gcrích an 1 Nollaig 2022 agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ('an Comhaontú').

(3) Síníodh an Comhaontú thar ceann an Aontais an 9 Meitheamh 2023, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/676 ([2]) ón gComhairle.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

([1]) Toiliú ón 11 Iúil 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Cinneadh (AE) 2023/676 ón gComhairle an 20 Márta 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) i ndáil le modhnú na lamháltas ar cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 86, 24.3.2023, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Thrádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal CLXVV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ([3]).

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) den Chomhaontú ([4]).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. PLANAS PUCHADES

([3]) Féach leathanach 3 den Iris Oifgiúil.
([4]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.